# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009

# LÉANN CLASAICEACH –ARDLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 18 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go 12.00

Tá ceisteanna anseo ar **dheich dtopaic.**
Tá na topaicí roinnte mar seo a leanas:
Na topaicí 1 – 5 = **ROINN A** – An Saol Gréagach
Na topaicí 6 – 10 = **ROINN B** – An Saol Rómhánach

Ní mór d’iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **chúig thopaic,** mar leanas:
**dhá** thopaic as **ROINN A;**
**dhá** thopaic as **ROINN B;**
an **cúigiú** topaic as **ROINN A** nó **B**

Tá 80 marc ag gabháil le gach topaic.
Marcanna iomlána don pháipéar = (80 × 5) = 400.

Na fótagraif a bhfuil gá leo chun roinnt de na ceisteanna a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.

| **ROINN A – An Saol Gréagach** | **ROINN B – An Saol Rómhánach** |
|---|---|
| Topaic 1: Fraoch Aichill. | Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta. |
| Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs. | Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide. |
| Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéas. | Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar. |
| Topaic 4: Micéiné agus an Traí. | Topaic 9: Cathair Rómhánach – Poimpé. |
| Topaic 5: Acrapoil na hAithine. | Topaic 10: An tArm Rómhánach. |



[Thall

# ROINN A

## An Saol Gréagach

**Topaic 1: Fraoch Aichill.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad is ciall le filíocht bhéil?

(ii) I Leabhar 1 den **Íliad** cén fáth a bhfuil eagla ar Calchas labhairt ag an gComhthionól?

(iii) Cé hí Hecabe?

(iv) Ainmnigh an mac le Séas ar mharaigh Patroclus é.

(v) Cad a chuireann Séas ar a scálaí órga?

(vi) I Leabhar 24 den **Íliad** cén bréagriocht atá ar Hermes nuair a chuirtear é chun cabhrú le Priam?

(24)

(*b*) (i) Scríobh staidéar carachtair ar Aichill bunaithe ar an léamh atá déanta agat ar an **Íliad**. Tabhair samplaí ón scéal i do fhreagra. (24)

(ii) Cad í an tréith is measa de chuid Aichill dar leat? Mínigh do fhreagra. (8)

(*c*) Féach ar Fhótagraf **1** ar Pháipéar **X** agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cad is ainm don fhear céile agus don bhean chéile a thaispeántar sa phictiúr? (6)

(ii) Cén fáth a bhfuil eagla ar an bpáiste? (8)

(iii) An dóigh leat gur laoch é an fear a thaispeántar anseo?
Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (10)

(80 marc)

**Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cár rugadh an staraí Héaradatas?

(ii) Nuair a bhí ionradh á dhéanamh ag Xerxés ar an nGréig, cad a dúirt Oracal Apalló ag Deilfe a shábhálfadh na hAithnigh?

(iii) Cén fáth ar tugadh an t-ainm sin ar na Déithe Buana?

(iv) Cén fáth ar shnoígh Teimisticléas teachtaireachtaí ar na carraigeacha agus é ag seoladh ó dheas tar éis Chath Artemisium?

(v) Cén fáth ar bhain tábhacht le hoileán Déileas?

(vi) Taispeánann Fótagraf **2** ar Pháipéar **X** an falang Spartach ón scannán deireanach '300'. Ainmnigh an cath ina bhfuair an 300 Spartach bás. (24)

(*b*) (i) Luaigh **dhá** áit a ghabh na Peirsigh ar a dturas thar an Mhuir Aeigéach go dtí Maratón sa bhliain RC 490. (8)

(ii) Tabhair cuntas gairid ar thuras an reathaí Aithnigh Pheidippides go dtí Sparta. (8)

(iii) Déan cur síos ar Chath Mharatóin. Féadfaidh tú sceitse a úsáid mar chuid de do fhreagra. (16)

(*c*) Léigh an cur síos seo a leanas as **Na Leabhair Staire** le Héaradatas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh. Tá Demaratus ag caint le Xerxés.

"Is leis na Spartaigh amháin a bhainfidh a bhfuilim ar tí a rá. Mar sin ar an gcéad dul síos, ní ghlacfaidh siad ar chaoi ar bith le téarmaí a chiallódh an sclábhaíocht don Ghréig; ar an dara dul síos, troidfidh siad leat fiú mura bhfuil a líon sách mór le cur ar a gcumas é sin a dhéanamh; abair go dtéann míle díobh chun páirce – troidfidh siad leat; agus is é sin a dhéanfaidh líon ar bith díobh, bíodh sé níos mó nó níos lú ná sin.
Is mar sin a bhíonn sé leis na Spartaigh; agus iad ag troid ina n-aonar, bíonn siad chomh maith le daoine ar bith, ach nuair a bhíonn siad ag troid in éineacht is iad na saighdiúirí is fearr ar domhan iad. Tá siad saor – is ea – ach ní saor ar fad; de bhrí go bhfuil máistir acu, agus is é an máistir sin an Dlí, a bhfuil eagla orthu roimhe níos mó ná an eagla atá ar do chuid géillsineach romhatsa. Cibé rud a ordaíonn an máistir seo, déanann siad é; agus ní athraíonn a ordú riamh; is é sin gan cúlú riamh i gcath, is cuma cé chomh mór agus atá na deacrachtaí, ach an fód a sheasamh go daingean, agus an bua nó an bás a fháil."

(i) Cén **dá** fhíric a thugann Demaratus do Xerxés faoi na Spartaigh sa chéad alt? (8)

(ii) De réir Demaratus, cad a éilíonn Dlí na Spartach ar a gcuid saighdiúirí? (8)

(iii) Tar éis an sliocht seo a léamh, an bhfuil meas agat ar na Spartaigh? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (8)

(80 marc)

**[Thall**

**Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéis.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cérbh í Xanthippe?

(ii) De réir Shócraitéas é féin, conas a d'fhéadfadh a bhealach cainte bheith neamhghnách i gcúirt dlí?

(iii) Cén cheist a chuir cara Shócraitéas, Chaerephon, ar Oracal Dheilfe?

(iv) Cén táille a ghearr Evenus ó Paros as na tréithe daonna agus sóisialta a thabhairt chun foirfeachta?

(v) In ionad phionós an bháis, cén pionós a mhol Sócraitéas dó féin?

(vi) Nuair a fuair Sócraitéas bás, cén fáth nach raibh Platón i láthair? (24)

*(b)* (i) Tá Sócraitéas díreach daortha chun báis. Tugadh mar chúram duit alt a scríobh faoina bheatha. Bíodh eolas ann faoi: a ghníomhréim; a stíl bheatha; a thriail agus a chosaint. (24)

(ii) An dóigh leat gur iompair an giúiré Aithneach iad féin go réasúnta ag a thriail? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as cuntas Zeineafón ar **Chosaint** Shócraitéas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

"Abair go leanaim ar aghaidh i mo bheo. Beidh sé beagnach cinnte ansin go mbeidh orm aghaidh a thabhairt ar phionós na seanaoise. Caillfidh mé radharc na súl agus éireoidh mé bodhar. Is lú an mheabhair chinn a bheidh agam, is lú an cumas foghlama agus éireoidh mé dearmadach. Dáiríre, feicfidh mé nach bhfuilim chomh maith le daoine eile sna bealaí go díreach a mbínn níos fearr ná iad roimhe sin. Fiú mura dtuigfinn go pearsanta na hathruithe sin go léir, níorbh fhiú fanach beo. Fiú dá dtuigfinn cad a bhí ag tarlú, is cinnte go mothóinn go raibh saol suarach míthaitneamhach á chaitheamh agam. An dóigh leat go mbeadh sé aisteach dá gcinnfeadh an dia gurbh fhearr dom bás a fháil anois? Nach dtuigeann tú nach raibh saol níos taitneamhaí ag duine ar bith go dtí seo ná mar atá agamsa? Measaim gurb iad na daoine a chaitheann an saol is fearr ná iad siúd a dhéanann na hiarrachtaí is fearr i dtreo na maitheasa."

(i) Dar leat, cén fáth a gcreideann Sócraitéas gur chaith sé saol níos taitneamhaí ná duine ar bith eile? (8)

(ii) Cén chomhairle atá ag Sócraitéas chun an cineál saoil is fearr a chaitheamh? (8)

(iii) An aontaíonn tú le dearcadh Shócraitéas maidir leis an tseanaois? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (8)

(80 marc)

**Topaic 4: Micéiné agus an Traí.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén t-ainm a thugadh na Gréagaigh agus na Traígh ar an gcaolas uisce taobh thuaidh den Traí?

(ii) Cad a bhí sa Simois?

(iii) Seachas Micéiné, ainmnigh pálás Micéineach **amháin** eile.

(iv) Cad a thaispeántar i bhFótagraf **3** ar Pháipéar **X**? Cár aimsíodh é?

(v) Cén bhaint a bhí idir Michael Ventris agus Micéiné?

(vi) Cá raibh baile Odaiséas? (24)

(*b*) (i) Mínigh cad a tharla d'Agaiméamnón nuair a d'fhill sé abhaile go Micéiné. (8)

(ii) Scríobh cur síos gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Cogaíocht agus airm sa saol Micéineach

**nó**

(b) Éadaí agus seodra sa saol Micéineach. (12)

(iii) Tabhair cuntas ar thochailtí Heinrich Schliemann ag Micéiné. (12)

(*c*) Léigh an cuntas seo a leanas le Heinrich Schliemann faoina thochailtí ag Hisarlik sa bhliain 1873 agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

"Agus tús á chur agam leis an tochailt an lá sin, mar ba ghnách, le breacadh an lae, bhí taobh an trinse á dhíriú agam nuair a tháinig mé ar earra mór copair a raibh cruth shuntasach air, a tharraing m'aird de bhrí gur shíl mé go bhfaca mé ór taobh thiar de. Bhí faitíos orm faoin éifeacht a bheadh ag radharc ar ór ar na fir oibre santacha agus d'fhonn na hearraí a shábháil don tseandálaíocht, d'fhógair mé am sosa, agus mé á rá go raibh mé díreach tar éis cuimhneamh gurbh é mo bhreithlá é agus go bhféadfadh na fir oibre dá bhrí sin sos níos faide a bheith acu chun an ócáid a cheiliúradh. Ar ámharaí an tsaoil, bhí mo mhuirnín Sophie in aice láimhe agus d'éirigh sí réidh chun na rudaí a chuir mé isteach ina seál a phacáil chun iad a iompar as an áit."

(i) Cén tír nua-aimseartha ina bhfuil Hisarlik? (4)

(ii) Cérbh í Sophie? (4)

(iii) Dar leat, cad a chiallaíonn Schliemann le "d'fhonn na hearraí a shábháil don tseandálaíocht"? (8)

(iv) Cad is féidir leat a rá faoi phearsantacht Schliemann ón sliocht seo? (8)

(80 marc)

**[Thall**

**Topaic 5: Acrapoil na hAithine.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cé tá á thaispeáint i bhFótagraf **4** ar Pháipéar **X**? Cén leasainm a bhí air?

(ii) Cén nasc a bhí ag Cnoc Pentelicon leis an bPartanón?

(iii) Cén t-ord ailtireachta lena mbaineann an teampall a thaispeántar i bhFótagraf **5** ar Pháipéar **X**?

(iv) Cérbh é Mnesicles?

(v) Cad a tharla don Acrapoil sa bhliain AD 1687?

(vi) Cad é an Propylaea? (24)

(*b*) Ba fhéile thábhachtach chreidimh san Aithin é an Panathenaea Mór. Freagair na ceisteanna seo a leanas faoin bhféile.

(i) Cén fáth a dtionóltaí an fhéile agus cathain a bhíodh sí ar siúl? (8)

(ii) Cad iad na cineálacha comórtas a bhíodh ar siúl le linn na féile? (8)

(iii) Scríobh cur síos ar mhórshiúl an Panathenaea. Bain úsáid as fianaise ó fhríos an Phartanóin i do fhreagra. (16)

(*c*) Taispeáineann Fótagraf **6** ar Pháipéar **X** dealbhóireacht ó chuid den fhríos leanúnach ar an bPartanón. Déan staidéar ar an bhfótagraf agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén áit go díreach ar an bPartanón a raibh an fríos seo le fáil? Is féidir leat sceitse a úsáid i do fhreagra. (6)

(ii) Cad é an phríomhdhifríocht idir fríos Iónach agus fríos Dórach? (6)

(iii) An dtaitníonn an píosa dealbhóireachta seo leat? Luaigh cúis le do fhreagra. (6)

(iv) Ainmnigh **dhá** shuíomh eile ar an bPartanón ina mbeadh dealbhóireachtaí le fáil. (6)

(80 marc)

## ROINN B

## An Saol Rómhánach

**Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) I Leabhar 1 den **Aeinéid**, cén luach saothair a gheall Iúnó d'Aeólas as stoirm a chruthú ar an bhfarraige?

(ii) Cérbh í Véineas? Cén fáth ar chuidigh sí le hAeinéas agus leis na Traígh?

(iii) "Tá faitíos orm roimh na Gréagaigh, fiú nuair a iompraíonn siad bronntanais." Cé a dúirt é sin agus cén bronntanas a raibh tagairt aige dó?

(iv) I Leabhar 2 den **Aeinéid**, conas a chuirtear ina luí ar Anchises an Traí a fhágáil?

(v) Cén mhallacht a chuir Díodó ar Aeinéas sula bhfuair sí bás?

(vi) Cad a bhí i gCeirbearas? Conas a chaith an tSibille leis? (24)

(*b*) (i) Dar leat, cad iad na dea-thréithe atá ag Aeinéas? Tabhair samplaí ón **Aeinéid**. (12)

(ii) Dar leat, cad iad na droch-thréithe atá ag Aeinéas? Tabhair samplaí ón **Aeinéid**. (12)

(iii) Dar leat, an ndeachaigh imeacht Aeinéas i bhfeidhm an iomarca ar Dhíodó nó nach ndeachaigh? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as Leabhar 6 den **Aeinéid**, agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Nuair a bhí deireadh ráite aige, threoraigh Anchises a mhac agus an tSibille in éineacht leis isteach i lár slua glórach seo na n-anamacha, de réir mar a tháinig siad ina threo ina líne fhada. 'Tar i leith, agus inseoidh mé faoin nglóire atá i ndán do mhic na Traí, mar go nochtfaidh mé duit do dhán féin. An laoch óg thall a fheiceann tú atá ligthe síos ar chlaíomh na crógachta, beidh seisean ar an gcéad duine dínn a éireoidh suas san aer le meascán d'fhuil Iodálach. Tabharfar Silvius air, ainm Albanach, agus beidh sé ina mhac agat, a bhéarfar i ndiaidh do bháis. Mairfidh tú i bhfad, ach béarfar ródhéanach é le go mbeidh aithne agat air, agus tógfaidh do bhean Lavinia sna coillte é, le go mbeidh sé ina rí.'

(i) De réir na fianaise sa sliocht seo, cá bhfuil Aeinéas? (4)

(ii) Ainmnigh an mac a bhéarfar d'Aeinéas i ndiaidh a bháis. Cé a bheidh ina máthair ag an mac seo? (6)

(iii) Cad a thugtar ar an mac eile le hAeinéas agus cé hí máthair an mhic seo? (6)

(iv) Níos faide amach i Leabhar 6, cad a deir Anchises a bheidh mar mhisean ag na Rómhánaigh sa domhan? (8)

(80 marc)

[Thall

**Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide: An Saighdiúir Maíteach.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cé a scríobh **An Saighdiúir Maíteach**?

(ii) Cathain a léirítí drámaí de ghnáth in aimsir na Rómhánach?

(iii) Cé tá ina chónaí béal dorais leis an Saighdiúir Maíteach?

(iv) Cérbh í Milphidippa?

(v) Cén fáth a gcuireann Pleusicles bréagriocht mairnéalaigh air féin?

(vi) "A thiarcais, agus a bhfuil le fulaingt agam ar son mo ghoile."
Cén carachtar a labhair na focail seo agus cad a bhí i gceist aige leo? (24)

(*b*) (i) Cé a labhraíonn an réamhscéal sa **Saighdiúir Maíteach**? (4)

(ii) Cad tá le foghlaim againn ón réamhscéal faoi:

(a) Carachtar an chainteora? (8)

(b) Carachtar Pyrgopolynices? (8)

(c) An scéal go dtí seo? (8)

(iii) Mínigh cén fáth a dtugtar réamhscéal moillithe air. (4)

(*c*) Déan staidéar ar Fhótagraf **7** ar Pháipéar **X** agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le dráma a fheiceáil in amharclann mar seo. (8)

(ii) Ainmnigh **trí** cinn de na príomhcheantair a thaispeántar sa bhfótagraf. (8)

(iii) Mínigh cén fáth a gcaitheadh na haisteoirí maisc. (8)

(80 marc)

**Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó mar fhreagra ar gach ceist. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén fáth a ndearna Sulla spré Cornelia bean Caesar a choigistiú (a ghabháil)?

(ii) Ainmnigh an duine a d'íoc fiacha Caesar sula ndeachaigh sé chun na Spáinne.

(iii) Cathain a dúirt Caesar "B'fhearr liom a bheith ar an gcéad fhear anseo ná sa dara háit sa Róimh"? Cén fáth a ndúirt sé é sin?

(iv) Ainmnigh **dhá** threabh ar chuir Caesar troid orthu sa Ghaill.

(v) Conas a tharraing Cléópatra aird Caesar uirthi féin ar dtús?

(vi) Ainmnigh an cath ar tuairiscíodh ina dhiaidh go ndúirt Caesar: "Tháinig mé, chonaic mé, chloígh mé." (24)

(*b*) (i) Scríobh cuntas ar imeachtaí an lae a bhfuair Caesar bás. (24)

(ii) Conas a chuaigh sé i bhfeidhm ar na daoine nuair a léadh uacht Caesar amach? (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as an **Dáréag Caesar** le Séatóinias agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ach d'fhéadfadh gníomhartha eile agus ráitis Caesar tacú leis an tuairim gur thuill sé an feallmharú. Ní hamháin gur ghlac sé leis an iomarca onóracha, ach dealbh chomh maith ina seasamh i measc na ríthe ársa agus tolg crochta curtha san oirceastra ag an amharclann. Ghlac sé freisin le honóracha eile, ar cheart dó, agus gan ann ach duine básmhar, a dhiúltú go cinnte. Orthu sin bhí ríchathaoir órga i dTeach an tSeanaid, carbad deasghnátha, teampaill, altóirí agus íomhánna diaga, agus an seachtú mí a athainmniú mar Iúil.

(i) Luaigh **dhá** cheann de na honóracha ar ghlac Caesar leo nuair a bhí sé ina dheachtóir ar an Róimh. (4)

(ii) Ainmnigh **beirt** de na daoine a rinne comhcheilg chun Caesar a mharú. (6)

(iii) Tar éis duit **Titim an Phoblach Rómhánaigh** le Plútarc a léamh, cén fhianaise atá ann gur theastaigh ó Caesar bheith ina rí ar an Róimh? (6)

(iv) An aontaíonn tú le Séatóinias gur "thuill Caesar an feallmharú"? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (8)

(80 marc)

**[Thall**

**Topaic 9: Cathair Rómhánach – An Phoimpé.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad a tharla sa Phoimpé sa bhliain AD 62?

(ii) Cén bhliain inar bhrúcht Cnoc Vesuvius aníos agus inar chlúdaigh sé baile na Poimpé?

(iii) Cad ba hipeacást ann? Conas a d'oibrigh sé?

(iv) Cén t-earra miotail a thaispeántar i bhFótagraf **8** ar Pháipéar **X**?

(v) Cad a rinne na *aediles*?

(vi) Cad a thaispeántar i bhFótagraf **9** ar Pháipéar **X**? (24)

*(b)* Samhlaigh go bhfuair tú cuireadh ó uncail saibhir fanacht ina theach sa Phoimpé.

Scríobh litir abhaile chuig do thuismitheoirí sa Róimh ag cur síos ar do chuairt. Luaigh teach agus teaghlach d'uncail, cóisir dinnéir a thug sé le fáilte a chur romhat go dtí an Phoimpé, agus cad tá feicthe agus déanta agat le linn duit bheith sa chathair. (32)

*(c)* (i) Cad a thaispeántar i bhFótagraf **10** ar Pháipéar **X**? Cá mbeadh sé le fáil? (6)

(ii) Luaigh **dhá** phíosa fianaise maidir le tábhacht an reiligiúin sa Phoimpé. (6)

(iii) Cérbh í Isis? Cén bhaint a bhí aici leis an bPoimpé? (6)

(iv) Cén bhaint a bhí ag an mbandia Véineas leis an bPoimpé? (6)

(80 marc)

**Topaic 10: An tArm Rómhánach.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad ba leagáid ann?

(ii) Cad a dhéanadh an *tesserarius*?

(iii) Cén eachtra a ndéanann Áirse Thíteas comóradh uirthi?

(iv) Féach ar Fhótagraf **11** ar Pháipéar **X**. Sainaithin dhá ghné chosanta a bhaineann le clogad léigiúnaigh ar nós é seo.

(v) Ón staidéar atá déanta agat ar Fhótagraf **12** ar Pháipéar **X**, luaigh dhá phíosa eolais faoin arm Rómhánach.

(vi) Cé mhéad fear a bhí i gcohórt? (24)

(*b*) An bhliain 98 AD atá ann agus tugadh mar chúram duit bróisiúr earcaíochta a scríobh don arm Rómhánach chun fir óga a spreagadh le dul isteach ann. Bíodh an t-eolas seo a leanas san áireamh agat: éide agus traenáil; cóiríocht; modhanna troda; deiseanna le haghaidh ardú céime; pá agus pinsin agus rud ar bith eile dar leat a spreagfadh Rómhánaigh le liostáil san arm. (32)

(*c*) Taispeánann Fótagraf **13** ar Pháipéar **X** Ceantúir Rómhánach. Déan staidéar ar an bhfótagraf agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Conas is léir ón bhfótagraf gur Ceantúir é seo? (8)

(ii) Cé mhéad saighdiúir a bhí faoi cheannas an Cheantúra? (4)

(iii) Cérbh í an chéim a bhí díreach taobh thíos den Cheantúir san arm Rómhánach? (4)

(iv) Dar leat, cén fáth a raibh an Ceantúir chomh tábhachtach sin mar oifigeach san arm Rómhánach? (8)

(80 marc)

Leathanach Bán